**Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2023 go dtí an 30 Aibreán 2024**

# Tuairisceán agus Dearbhú Cánach Ola Mianra ar Ghás Feithicle (COM GF)

| | |
|---|---|
| Ainm an tSoláthraí | Uimhir Clárúchán CBL |
| Seoladh (Eircode san áireamh) | Tréimhse Chuntasaíochta (féach Nóta 1)<br>Ón: L L M M B B B B<br>Chuig: L L M M B B B B |

## Cáin Ola Mianra ar Ghás Feithicle Iníoctha a ríomh

| | A | B | C | A x B | A x C | (A x B) + (A x C) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na n-aonad soláthraithe sa tréimhse 1 Aonad = 1 MWh ag LCC (féach Nóta 2) | Ráta na comhchoda carbóin in aghaidh an aonaid (€/MWh ag LCC) (féach Nóta 3) | Ráta na comhchoda neamhcharbóin in aghaidh an aonaid (€/MWh ag LCC) (féach Nóta 3) | Iomlán na comhchoda carbóin € | Iomlán na comhchoda neamhcharbóin € | Iomlán € |
| Méid an gháis feithicle chomhbhrúite, seachas bithghás feithicle comhbhrúite, a sholáthraítear do dháileoirí gáis feithicle | | 8.77 | 0.59 | | | |
| Méid an bhithgháis feithicle chomhbhrúite a sholáthraítear do dháileoirí gáis feithicle (féach Nóta 4) | | 0.00 | 0.59 | 0.00 | | |
| Méid an gháis leachtaithe feithicle, seachas bithghás leachtaithe feithicle, a sholáthraítear do dháileoirí gáis feithicle | | 8.77 | 0.59 | | | |
| Méid an bhithgháis leachtaithe feithicle a sholáthraítear do dháileoirí gáis feithicle (féach Nóta 4) | | 0.00 | 0.59 | 0.00 | | |

**Iomlán na Cánach Iníoctha =**

Dearbhaím, de réir an dlí* lena rialaítear Cáin Ola Mianraí ar Ghás Feithicle, an méid seo:

- go dtugann na sonraí san fhoirm seo **cuntas iomlán agus fíor** ar na soláthairtí Gáis Feithicle incháinithe agus faoi fhaoiseamh cánach arna soláthar ag an soláthraí ainmnithe le linn na tréimhse sonraithe, agus
- gur ráiteas fíor maidir le dliteanas Cánach Ola Mianra ar Ghás Feithicle an tsoláthraí sin don tréimhse sin atá san fhigiúr sonraithe i leith “Iomlán na Cánach Iníoctha”.

* Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 (arna leasú) agus Rialacháin COM, 2012; Uimhir I.R. 231 de 2012 (arna leasú)

Sínithe ……………………………………………………………… Sínitheoir údaraithe (féach Nóta 5)

Ainm (BLOCLITREACHA) ______ Fón ______

Ról (féach Nóta 5) ______ Dáta L L M M B B B B

**Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2023 go dtí an 30 Aibreán 2024**

**Tuairisceáin a Thíolacadh agus Íocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh COM GF**

**Custaiméirí ROS**

Féadann soláthraithe atá cláraithe le haghaidh **Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)** tuairisceáin agus íocaíochtaí COM GF a dhéanamh ar ROS. Nuair atá cineál íocaíochta á roghnú ar ROS, ba chóir do sholáthraithe cliceáil ar Íocaíochtaí / Dearbhú Cánach agus COM a roghnú ón roghchlár aníos. Tá tuilleadh eolais ar an gcaoi le híocaíocht ar líne a dhéanamh le fáil ar an rannán ar Threoracha maidir le Seirbhísí Íocaíochta **https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/help-guides/ros/payment-services-guides.aspx**

**Custaiméirí nach Custaiméirí ROS iad**

Féadann soláthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS tuairisceáin COM GF ar líne a dhéanamh ar **M'Fhiosruithe**, atá ar fáil ar **mochúrsaí** , trí chóip scanta den fhoirm MOT VG sínithe agus comhlánaithe a thíolacadh. De rogha air sin, féadann soláthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS tuairisceáin chomhlánaithe a sheoladh tríd an bpost chuig 'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach an tSairséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, VR4 R972.

Féadtar íocaíochtaí COM GF do sholáthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS a dhéanamh ar **mochúrsaí**. Tá tuilleadh eolais ar an gcaoi le híocaíocht ar líne a dhéanamh le fáil ar an rannán ar Threoir **mochúrsaí** ag **https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/help-guides/myaccount/payments.aspx**

Áis ar líne é **M'Fhiosruithe** a ligeann do chustaiméirí comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil go slán seachas ríomhphost a úsáid. Tá tuilleadh eolais faoi M'Fhiosruithe le feiceáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar **https://www.revenue.ie/ga/online-services/services/manage-your-record/myenquiries.aspx.**
Tabhair do d'aire, maidir le sonraí pearsanta agus íogaire ar bith a sheoltar mar ghnáth-théacs trí ríomhphost caighdeánach, nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim ráthaíocht a thabhairt go bhfuil siad go hiomlán slán.
Má roghnaíonn custaiméirí áirithe an bealach seo a úsáid, meastar go nglacann siad le riosca ar bith atá i gceist.

TABHAIR DO D'AIRE

Gearrtar muirear úis ar íocaíochtaí déanacha, mar a fhoráiltear faoi Alt 103 den Acht Airgeadais, 2001.
Moltar do cháiníocóirí a ndóthain ama a chur ar leataobh – trí lá ar a laghad – le go mbainfidh a n-íocaíocht Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim amach faoin dáta dlite.

Má loictear an COM a íoc, nó é a íoc in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú forfheidhmiúcháin tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe faoi Alt 1002 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

**Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2023 go dtí an 30 Aibreán 2024**

**Nótaí treorach chun an fhoirm seo a chomhlánú**

**1.** Is éard is tréimhse chuntasaíochta ná tréimhse dhá mhí féilire as a chéile, agus Eanáir / Feabhra áirithe mar an gcéad tréimhse in aon bhliain ar leith. Ní mór Tuairisceán agus Dearbhú Cánach Ola Mianra ar Ghás Feithicle (COM GF) Tuairisceáin agus Dearbhú agus íocaíocht leis a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim taobh istigh de mhí amháin ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann.

**2.** Ní mór "féinsoláthairtí" a bheith san áireamh leis an bhfigiúr do "Líon na n-aonad soláthraithe sa tréimhse", is é sin, gás feithicle a soláthraítear do dháileoirí gáis feithicle le haghaidh tomhaltas an tsoláthraí féin. Tá féinsoláthar gáis feithicle faoi dhliteanas na cánach freisin.

**3.** Tá an Tuairisceán agus Dearbhú COM GF bunaithe ar ghás feithicle a sholáthraítear in aonaid in aghaidh na huaire meigeavata (MWh) arna thomhas ag luach calrach comhlán (LCC).

Tá an ráta COM GF €9.36 in aghaidh an MWh ag LCC a shonraítear i Sceideal 2 den Acht Airgeadais, 1999 comhdhéanta de chomhchuid charbóin agus comhchuid neamhcharbóin. Le héifeacht ón 1 Bealtaine 2023, is é ráta na comhchoda carbóin a shonraítear i Sceideal 2A den Acht Airgeadais, 1999 ná €8.77 in aghaidh an MWh ag LCC. Is é ráta na comhchoda neamhcharbóin den COM GF ag LCC ná €0.59 in aghaidh an MWh. Ríomhtar é seo trí ráta na comhchoda carbóin €8.77 ag LCC a dhealú ón ráta foriomlán €9.36 ag LCC.

**4.** Tá faoiseamh i leith na comhchoda carbóin den COM ar fáil don sciar den gás fheithicle atá déanta suas de bhithghás. Laghdaítear an ráta foriomlán COM ar ghás feithicle de réir ráta na comhchoda carbóin €8.77 in aghaidh an MWh ag LCC. Tugann sé seo ráta éifeachtach €0.59 an MWh ag an LCC ar bhithghás a soláthraítear le húsáid mar bhreosla i mótarfheithicil. Cuirtear an faoiseamh bithgháis i bhfeidhm ag an bhfoinse. Cuireann an soláthraí an faoiseamh i bhfeidhm tríd an méid bithgháis a sholáthraítear a dhearbhú ar an Tuairisceán agus Dearbhú COM GF agus an ráta laghdaithe a íoc.

**5.** Ní mór an Tuairisceán agus Dearbhú COM GF seo a bheith sínithe ag an soláthraí lena mbaineann nó ag duine údaraithe i gcomhréir le Rialachán 43 de na Rialacháin Cánach Ola Mianra, 2012; I.R. Uimhir 231 de 2012 (arna leasú). Ní mór don duine sin an teideal atá acu sa ghnó a shonrú, mar shampla Rúnaí na Cuideachta, Stiúrthóir na Cuideachta, Páirtnéir, srl de réir mar is cuí.

**6.** Ní mór gach taifead i ndáil leis an tuairisceán agus dearbhú seo a choinneáil ar feadh 6 bliana. Féadtar iad a choinneáil i bhfoirm leictreonach, ar an gcoinníoll go bhféadtar iad a chur ar fáil i bhfoirm phriontáilte nuair a iarrtar iad.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí.Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim